# CONAS A OIBRÍONN EFSA
## le Ballstáit AE

Tá an tacaíocht a fhaigheann EFSA ó **Bhallstáit AE** tríd an **bhFóram Comhairleach**, trí na **Pointí Fócasacha** agus trí **Líonraí Eolaíochta** ríthábhachtach chun go bhfeidhmeoidh córas sábháilteachta bia an AE go héifeachtach.

Le cur chun feidhme an Rialacháin Trédhearcachta, beidh ionadaíocht ag na Ballstáit ar Bhord Bainistíochta EFSA in éineacht le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, ó leasanna an bhiashlabhra agus ó institiúidí AE.



## CÚRAIMÍ

**Is é an Bord Bainistíochta** comhlacht rialaithe EFSA agus cinntíonn sé go gcuireann an tÚdarás a mhisean i gcrích agus go bhfeidhmíonn sé i gcomhréir le creat dlíthiúil an AE. Ní bhíonn tionchar aige ar an obair eolaíoch neamhspleách a dhéanann EFSA.

- Glacann sé clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil EFSA, an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí agus an buiséad.
- Dréachtaíonn sé liosta d'eagraíochtaí inniúla an AE a d'fhéadfadh cabhrú le EFSA lena mhisean a chomhlíonadh.
- Ceapann sé comhaltaí an Choiste Eolaíochta agus na bPainéal Eolaíochta, chomh maith le Stiúrthóir Feidhmiúcháin EFSA.

**Is é an Fóram Comhairleach** an áit dtagann EFSA agus na Ballstáit le chéile chun faisnéis agus eolas a mhalartú a bhaineann leis an measúnú riosca ar bhia san Eoraip. Cuireann an fóram comhairle ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin EFSA maidir le clár oibre EFSA agus le tosaíocht a thabhairt d'iarratais ar chomhairle eolaíoch. Tacaíonn na Pointí Fócasacha leis.

- Cuireann sé comhar chun cinn agus seachnaíonn sé dúbláil iarrachtaí.
- Tugann sé aghaidh ar thuairimí eolaíochta éagsúla.
- Sainaithníonn agus léiríonn sé rioscaí atá ag teacht chun cinn.
- Feidhmíonn Pointí Fócasacha mar mhoil naisc maidir le malartú faisnéise, líonrú agus rannpháirtíocht.

Tá **líonraí eolaíochta EFSA** comhdhéanta d'eagraíochtaí náisiúnta a chomhoibríonn le EFSA i réimsí ar leith amhail bailiú sonraí, rioscaí atá ag teacht chun cinn, monatóireacht ar iarmhair lotnaidicídí agus cumarsáid maidir le rioscaí.

- Déanann sé creat comhair eolaíochta a éascú trí ghníomhaíochtaí a chomhordú.
- Déanann sé faisnéis a mhalartú.
- Déanann sé comhthionscadail a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Déanann sé saineolas agus dea-chleachtais a mhalartú.
- Déanann sé gníomhaíochtaí cumarsáide maidir le rioscaí a chomhordú.

## CÉ A BHEIDH PÁIRTEACH ANN?

### AN BORD BAINISTÍOCHTA

Ó mhí Iúil 2022 i leith, áirítear i mBord Bainistíochta EFSA ionadaithe ó na **Ballstáit, ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún Eorpach, ón tsochaí shibhialta** agus ó leasanna biashlabhra agus tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE).

### FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN AGUS POINTÍ FÓCASACHA

Ionadaithe ó **údaráis náisiúnta sábháilteachta bia na mBallstát, na hÍoslainne** agus na hIorua, chomh maith le **breathnóirí** ón Eilvéis, ó thíortha is iarrthóirí AE agus ón gCoimisiún Eorpach.

### LÍONRAÍ EOLAÍOCHTA

Ionadaithe ó **eagraíochtaí ainmnithe sna Ballstáit** a bhfuil saineolas nó freagracht acu sna réimsí a chlúdaítear le gach líonra.

## CONAS A CHEAPTAR IAD?

### AN BORD BAINISTÍOCHTA

Is iad **na Ballstáit féin a dhéanann ionadaithe na mBallstát a ainmniú** agus is í **an Chomhairle Eorpach a cheapann iad**. Is í an Chomhairle Eorpach, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, a cheapann ionadaithe na sochaí sibhialta agus ionadaithe leasanna an bhiashlabhra ó liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún Eorpach. Is iad na hInstitiúidí agus na tíortha féin a cheapann ionadaithe Institiúidí an Aontais agus tíortha CSTE.

### FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN AGUS POINTÍ FÓCASACHA

Is iad **údaráis náisiúnta sábháilteachta bia** na mBallstát, na hÍoslainne, na hIorua agus na dtíortha breathnóireachta a cheapann na comhaltaí.

### LÍONRAÍ EOLAÍOCHTA

Is é **an Bord Bainistíochta a chuireann** na líonraí eolaíochta ar bun, bunaithe ar thograí arna gcur isteach ag an bhFóram Comhairleach agus ag EFSA.

Is é EFSA an bhunchloch de mheasúnú riosca an AE maidir le sábháilteacht bia agus beatha. I ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta i gcomhairliúchán oscailte lena gheallsealbhóirí, cuireann EFSA comhairle eolaíoch neamhspleách ar fáil mar aon le cumarsáid shoiléir maidir le rioscaí atá ann cheana agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

© An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2022. Údaraítear atáirgeadh, ach amháin chun críocha tráchtála, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Creidiúintí grianghraf: Shutterstock
ISBN 978-92-9499-457-8 | doi:10.2805/088905 | TM-08-22-033-GA-N

Eolaíocht iontaofa le haghaidh bia sábháilte

www.efsa.europa.eu

European Food Safety Authority